Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# BEARTAS COSANTA SONRAÍ MAIDIR LE hÚSÁID DRÓN (UAS)

## Leagan 1

## Eolas faoin Doiciméad

| | |
|---|---|
| **Teideal an Doiciméid** | Beartas Cosanta Sonraí maidir le húsáid Drón (UAS) |
| **Úinéir** | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| **Úda(i)r** | Oifigeach Cosanta Sonraí |
| **Úsáideoirí** | Foireann agus Saoránaigh Chomhairle Chontae na Gaillimhe |
| **Dáta** | 3ú Feabhra 2023 |
| **Stádas** | Arna ghlacadh ag Foireann Feidhmiúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an<br>8ú Feabhra 2023 |
| **Leagan** | 1 |

## Stair an Leagain

| Leagan | Cruthaithe/leasaithe ag | Dáta | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| **1** | **Liadhan Keady**<br>**Liadhan Keady**<br><br>**Athbhreithniú ag SEO Corp**<br>**Athbhreithniú ag DOS Corp**<br>**ETM** | **11/08/2021**<br>**05/11/2021/ 03/06/22**<br>**03/02/23**<br>**07/02/23**<br>**08/02/23** | Beartas Cosanta Sonraí maidir le húsáid Drón cruthaithe<br>Leasuithe arna soláthar ag Páirtithe Leasmhara GCC<br><br>Dréachtbheartas Cosanta Sonraí maidir le húsáid Drón (UAS) arna leasú<br>Dréachtbheartas Cosanta Sonraí maidir le húsáid Drón (UAS) arna leasú<br>Comhaontaithe ag ETM le leasú 1 ar Róil agus Freagrachtaí Alt 4 leathanach 8 |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## Clár na nÁbhar

Leathanach


**Réamhrá** ....4

**Cuspóir an Pholasaí** ....4

**Scóip** ....5

**Cuspóir úsáid Dróin** ....5

**Suíomh úsáid Dróin** ....6

**Ceanglais Réamheitilte** ....6

**Comharthaíocht, Fógraí Poiblí** ....6

**Seicliosta Réamheitilte** ....6

**Gníomhaíocht Dróin Cheilte** ....7

**Róil & Freagrachtaí** ....7

**Sonraí Pearsanta a Choinneáil ó Thaifeadtaí Drón** .... 10

**Rochtain Taifeadta Drón** .... 10

**Rochtain Tríú Páirtí ar Shonraí Pearsanta a gabhadh ar Thaifeadtaí Dróin** .... 11

**Rochtain ag Ábhair Sonraí** .... 11

**Rochtain ag an nGarda Síochána** .... 12

**Rochtain faoi Shaoráil Faisnéise (SF)** .... 12

**Socruithe Slándála do Dhróin & Stóráil Píosaí Scannánaíochta Dróin** .... 12

**Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)** .... 13

**Monatóireacht agus Athbhreithniú** .... 14

**Tuilleadh Eolais** .... 14

**Ceart Gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí** .... 14

**Aguisíní** .... 15

**Aguisín 1 – *Sainmhínithe*** .... 15

**Aguisín 2 - Treoir Céim ar Chéim IPB chun riosca a bhaineann le Dróin a úsáid a bhainistiú** .... 16

**Aguisín 3 – Seicliosta Réamheitilte Drón** .... 16

**Aguisín 4 – Foirm Iarratais Inmheánaigh ar rochtain ar Phíosa Scannáin Dróin** .... 16

**Aguisín 5 – Taifeadadh Drón a Scaoileadh agus/nó Aistriú chuig 3ú Páirtí** .... 16

# Réamhrá

Sainítear sa bheartas Cosanta Sonraí seo tiomantas Chomhairle Chontae na Gaillimhe d'úsáid Drón a chomhlíonann ceanglais Cosanta Sonraí/GDPR agus rialacháin an AE agus treoir IAA maidir le húsáid Drón. Féadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe dróin (UAS – Córais Aerárthaigh Gan Fhoireann) atá treoraithe go cianda ag píolótach a úsáid le haghaidh roinnt cuspóirí a bhféadfadh taifeadadh sonraí pearsanta daoine aonair a bheith i gceist leo lena n-áirítear a n-íomhánna inaitheanta. Tá dualgas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe na sonraí sin a chosaint de réir forálacha atá sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018. Tá Polasaithe Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.galway.ie.

Déanfar úsáid drón ar bhealach gairmiúil, eiticiúil agus dlíthiúil laistigh de théarmaí an bheartais seo agus an dlí. Beidh a n-úsáid comhréireach agus ní úsáidfear iad chun monatóireacht rialta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí fhostaithe na comhairle nó an phobail i ngnáthchúrsa a ngnó dleathach. Déanfar a n-úsáid ar bhealach atá comhsheasmhach leis na beartais reatha go léir arna nglacadh ag an gComhairle, lena n-áirítear Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta, Beartas um Dhínit san Obair, Cóid Chleachtais chun déileáil le gearáin faoi Bhulaíocht & Ciapadh agus Ciapadh Gnéasach agus beartais agus treoirlínte ábhartha eile amhail iad siúd arna n-eisiúint ag Oifig an Choimisinéara Sonraí.

Ba chóir an beartas seo a léamh i gcomhar le Treoir an Choimisinéara Sonraí maidir le húsáid Drón agus Treoir IPB Árachóirí na Comhairle, sa réimse seo. Ina theannta sin, tá ceanglais reachtúla ar leith ann a bhaineann le clárú agus riachtanais eile ag brath ar an gcineál drón a úsáidtear agus ar chineál na húsáide. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag https://www.iaa.ie/general-aviation/drones

## Cuspóir an Pholasaí

Is é cuspóir an bheartais seo na cosaintí atá i bhfeidhm i gComhairle Chontae na Gaillimhe maidir le hoibriú, monatóireacht agus rochtain ar dhrón agus ar thaifeadtaí a rialáil agus a leagan amach agus ag an am céanna cabhrú le Comhairle Chontae na Gaillimhe a hoibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh maidir le hoibriú drón lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, socruithe a bhaineann le prionsabail GDPR amhail trédhearcacht, teorannú de réir cuspóra agus íoslaghdú sonraí; socruithe slándála agus rochtain ar thaifeadtaí dróin, lena n-áirítear bearta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun gabháil agus próiseáil neamhriachtanach aon sonraí pearsanta a theorannú.

Tá dróin eitilte agus oibriúcháin in Éirinn faoi réir Rialachán an Aontais Eorpaigh 2019/947 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2021. Déanann Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) maoirseacht agus cur i bhfeidhm ar an Rialachán in Éirinn. Ceanglaítear ar oibritheoirí dróin Chomhairle Chontae na Gaillimhe Rialacháin an AE 2019/947 & 2019/945 a chomhlíonadh agus dul i dtaithí leo, agus cloí le haon Chead Oibriúcháin Sonrach (SOP) arna eisiúint ag Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) d'úsáid drón ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá tuilleadh treorach ar fáil ar shuíomhanna gréasáin IAA & EASA. **Ní cheadaítear ach d'fhostaithe a fuair**

**oiliúint UAS ábhartha agus iomhchuí de réir** Rialacháin an AE 2019/947 & & 2019/945 **dróin a oibriú chun críocha oibre.**

## Scóip

Baineann scóip an pholasaí seo leis:

- An úsáid a bhaineann Comhairle Chontae na Gaillimhe as dróin lena mbaineann taifeadadh sonraí a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh iontu
- Gach fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- Ní mór do gach fostaí de chuid na Comhairle a úsáideann drón gach réamhchúram a ghlacadh lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais Údarás Eitlíochta na hÉireann, reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta
- Gach duine aonair nó eagraíocht atá ag gníomhú thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe nó aon soláthraithe seirbhíse Drón tríú páirtí a d'fhéadfadh Comhairle Chontae na Gaillimhe a fhostú.

# Cuspóir úsáid Dróin

Agus cinneadh á dhéanamh drón a úsáid chun aon chríche ar leith lena mbaineann taifeadadh sonraí pearsanta, féachfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe lena chinntiú go bhfuil ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6 (agus nuair is ábhartha Airteagal 9) den GDPR ann chun dlíthiúlacht phróiseáil na sonraí pearsanta atá i gceist a chinntiú. Beidh sonraí a bhfuarthas trí dhróin a úsáid teoranta agus comhréireach do na críocha ina bhfuarthas é.

D'fhéadfadh Comhairle Chontae na Gaillimhe dróin a úsáid chun aon chríocha mar atá forordaithe sna Rialacháin AE 2019/947 & & 2019/945 agus lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na críocha aitheanta seo a leanas:

- Soláthar seirbhísí éigeandála, ar nós na gceann a d'fhéadfadh a bheith soláthartha ag an tSeirbhís Dóiteáin

- Soláthar seirbhísí téarnaimh, cuardaigh agus tarrthála ar nós na gceann a d'fhéadfadh abheith soláthartha ag an gCosaint Shibhialta

- Measúnú Riosca, Aermhapáil, suirbhéireacht bonneagair, fótagrafaíocht, gníomhaíochtaí for-rochtana agus promóisin don Chomhairle

- Bailiú Fianaise chun cuidiú le gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar nós na gceann a d'fhéadfadh Aonad Pleanála & Comhshaoil na Comhairle a dhéanamh

- Comhlíontar an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 arna leasú chun gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh agus a bhainistiú ar bhealach ina n-áirithítear sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe ar fad.

## Suíomh úsáid Dróin

Is féidir dróin a úsáid, in aon áit ina meastar gur cuí é agus de réir Rialacháin an AE 2019/947 & & 2019/945, le haghaidh aon cheann de na críocha atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Ba cheart gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil taifeadtaí dróin teoranta don sprioclimistéar agus don chuspóir ar úsáideadh an drón ina leith. Ba cheart feidhmiúlacht dróin a bheith oiriúnach don chuspóir atá beartaithe. Ba cheart d'oibreoirí dróin breithniú a dhéanamh ar bhearta chun teorainn a chur le taifeadadh neamhriachtanach sonraí pearsanta nach bhfuil ag teastáil e.g. beoshruth a úsáid seachas taifeadadh a dhéanamh.

## Ceanglais Réamheitilte

## Comharthaíocht, Fógraí Poiblí

Sula ndéantar aon ghníomhaíocht dróin agus ina dhiaidh sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar fhógra a chur ar chainéil meán sóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun comhairle a chur ar an bpobal faoin úsáid a bhaineann an Chomhairle as dróin. Cuirfear na sonraí seo a leanas ar fáil ar a laghad ar aon fhógraí den sórt sin:

- Ráiteas go ndéanfaidh/go ndearna Comhairle Chontae na Gaillimhe gníomhaíocht dróin
- Dátaí, amanna agus suíomhanna a mbeidh nó a raibh gníomhaíocht dróin ar siúl
- An cuspóir a ndéanfaidh/a ndearnadh an ghníomhaíocht dróin ina leith
- Nasc leis an bhFógra Príobháideachais a sholáthraíonn faisnéis maidir leis an ngníomhaíocht dróin agus sonraí teagmhála d'fhiosruithe ag baill den phobal.

Ceanglaítear ar oibritheoirí dróin comharthaíocht shealadach a thaispeáint timpeall an oibreora chun na nithe seo a leanas a chur in iúl don phobal:

- Ainm an Rialaitheora Sonraí i.e. Comhairle Chontae na Gaillimhe
- An cuspóir a bhfuil an ghníomhaíocht dróin á déanamh ina leith
- Tá gníomhaíocht dróin ar siúl & suíomh seolta marcáilte go soiléir
- Ní mór drón a mharcáil agus a fheiceáil go soiléir san aer mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE
- Baill den fhoireann phíolótach le feiceáil go soiléir agus inrochtana ar an talamh

## Seicliosta Réamheitilte

Roimh gach gníomhaíocht dróin, ní mór d'oibreoirí dróin gníomhú ar an méid seo a leanas:

- A chinntiú go dtuigeann siad an beartas seo agus go gcloíonn siad leis agus nuair a bheidh sé forbartha ag Aonad TF Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar atá leagtha amach sa pholasaí seo Gnáthnós Imeachta Oibriúcháin (SOP) Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le húsáid drón

- A bheith cinnte go bhfuil cur amach acu ar Threoir Céim ar Chéim IPB chun an riosca a bhaineann le Dróin a úsáid a bhainistiú agus go dtuigeann siad í
- Nuair is gá agus más féidir, cead a fháil ón úinéir talún, mura bhfuil an talamh faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- Nuair is féidir, ba cheart fógra ó bhéal a thabhairt d'úinéirí talún cóngaracha nuair atá gníomhaíocht dróin ar siúl
- Comhlánaigh seicliosta réamheitilte PRO DroneRules atá beartaithe mar sheiceáil ar phríobháideachas agus ar chosaint sonraí Measúnú Riosca maidir le ceisteanna a bhaineann le píolótaí dróin sula dtéann drón ar eitilt
- Forordaítear le halt 82 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, i gcás ina ndéanann rialaitheoir nó próiseálaí próiseáil sonraí pearsanta trí mhodhanna uathoibrithe, go ndéanfaidh an rialaitheoir nó an próiseálaí loga de na hoibríochtaí próiseála a chruthú agus a chothabháil. Is ceanglas é go n-áireofar in aon dróin nua a sholáthróidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ón dáta ar glacadh leis an bpolasaí seo loga sonraí leictreonacha ionsuite chun gur féidir leis an Rialaitheoir/OCS/DPC iniúchadh a dhéanamh ar rochtain/úsáid Drón. Déanfaidh próiseálaithe, i gcás ina n-iarrtar orthu é a dhéanamh, loga sonraí a cruthaíodh a chur ar fáil don Rialaitheoir/OCS/DPC.
- I gcás nach bhfuil an fheidhmiúlacht seo ag dróin atá ann cheana tá gá le clár d'úsáid dróin chun a chinntiú go dtaifeadtar taifid leordhóthanacha ar féidir leo an méid seo a leanas a léiriú agus is féidir iad a tháirgeadh le haghaidh iniúchadh an DPC ach iad a iarraidh:
  - ✓ Dáta úsáide Dróin ag ball foirne, ainm an bhaill foirne, na cuspóirí úsáide
  - ✓ Dáta nochta scannánaíochta Dróin ag ball foirne, ainm an bhaill foirne a nochtann agus an faighteoir
  - ✓ An dáta a scriosadh píosaí scannánaíochta Dróin
  - ✓ Loga eitilte & Loga píolótach maidir le gach gníomhaíocht dróin atá beartaithe
  - ✓ Ba cheart aon teagmhas a tharlaíonn de bharr úsáid Dróin ag fostaí de chuid na Comhairle a chur in iúl láithreach don mhaoirseoir ábhartha, d'Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle agus d'Aonad Rialaithe Riosca na gComhairlí.

## Gníomhaíocht Dróin Cheilte

- De ghnáth ní cheadaítear gníomhaíocht dróin cheilte ach ar bhonn cás ar chás nuair a dhéantar Measúnú Tionchair ar Phróiseáil Sonraí (DPIA) agus nuair a bhíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí i dteagmháil le
- I gcás ina meastar go bhfuil sé comhlíontach (DPIA chun eolas a thabhairt) chun tabhairt faoi ghníomhaíocht dróin cheilte, ní mór é a dhíriú agus ar feadh tréimhse ghearr
- Mura bhfaightear aon fhianaise atá ábhartha do chuspóir na gníomhaíochta drón ceilte laistigh de thréimhse réasúnta, ba cheart deireadh a chur leis an ngníomhaíocht dróin.

## Róil & Freagrachtaí

1. Is iad seo a leanas a dhéanfaidh Dróin Chomhairle Chontae na Gaillimhe a oibriú agus a chothabháil:
   - Comhairle Chontae na Gaillimhe agus/nó
   - Soláthraithe seirbhíse Dróin tríú páirtí

- Ba cheart do bhaill foirne údaraithe gach cúram a ghlacadh chun an Drón a oibriú ar bhealach sábháilte agus cúramach chun a chinntiú nach bhfuil aon bhaol ann do bheatha ná do mhaoin daoine eile agus de réir Rialacháin an AE 2019/947 & & 2019/945.

2. Ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe cloí le Rialacháin an AE 2019/947 & & 2019/945 leis an IAA, an tÚdarás Náisiúnta Eitlíochta.

3. Meastar gur Próiseálaithe Sonraí iad soláthraithe seirbhíse Dróin tríú páirtí agus dá réir sin ceanglaítear orthu Comhaontú foirmiúil Próiseála Sonraí a dhéanamh le Comhairle Chontae na Gaillimhe lena chinntiú, chomh maith leis an gComhairle Chontae, go gcomhlíonann siad a ndualgais faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus nach gcoinníonn siad aon cheann de na sonraí tar éis iad a thabhairt ar láimh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ní mór Treoir Céim ar Chéim an IPB chun an Riosca a bhaineann le Dróin a úsáid a bhainistiú a chur ar fáil d'aon phróiseálaí a fhostaítear agus ní mór tagairt shonrach a bheith sa Chomhaontú Próiseála Sonraí dá n-oibleagáid doiciméad IPB a chomhlíonadh.

4. Beidh dróin atá á n-oibriú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe á mbainistiú go lárnach ag Aonad TF Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ní mór do gach aonad dul i dteagmháil le TF sula gceannóidh siad aonad. Is é an Príomhoifigeach Dóiteáin a bhainisteoidh clárú Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis an IAA de réir Rialachán (AE) 2019/947 Airteagal 14. Cothabháil chláir/logaí mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) 2019/947 & Alt 82 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 sábháilteacht, slándáil, rochtain, cothabháil agus stóráil Drón agus scannánaíochta Dróin, agus is iad seo a leanas na róil Bainistíochta Seirbhíse:

| | |
|---|---|
| HIS – M. Martyn: | Bainisteoir HIS foriomlán agus faomhadh le haghaidh maoirseacht soláthair /cás gnó sula gceadaíonn an Stiúrthóir é |
| Ceannasaí Tionscadail IS – C. Averill: | Slándáil Sonraí |
| Ceannasaí Tionscadail IS - K Jordan: | Bainisteoir Sócmhainní |
| Ceannasaí Tionscadail IS - B Doyle: Comhordaitheoir um Fháil Sonraí agus Oibríochtaí (Comhordaitheoir GIS) | |
| Ceannasaí Tionscadail IS - M Matthews: | Comhordaitheoir RGCS |
| CFO – Gerry O'Malley: Clárú IAA | |

Rachaidh TF i dteagmháil le páirtithe leasmhara Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus beidh sí freagrach as Lámhleabhar Caighdeánach um Nós Imeachta Oibriúcháin (SOP) a fhorbairt a rialóidh úsáid agus oibriú Drón ag Comhairle Chontae na Gaillimhe de réir

Rialacháin an AE 2019/947 & 2019/945 an beartas seo, an RGCS agus Alt 82 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus treoir a fuarthas ón CCMA agus Treoir Céim ar Chéim an IPB chun an riosca a bhaineann le Dróin a úsáid a bhainistiú. Nuair a bheidh sé forbartha, ba chóir an SOP a léamh i gcomhar leis an mbeartas Cosanta Sonraí seo.

4. Ní fhéadfaidh rochtain a bheith ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha do gach Aonad ar an gcóras agus ar a thaifeadtaí ach amháin baill foirne a ainmníodh mar Fhostaithe Údaraithe chun bheith ina nOibritheoir Dróin nó chun rochtain a fháil ar phíosa scannáin Dróin ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha do gach Aonad. Áireoidh Fostaithe Údaraithe na daoine seo a leanas:

- Fostaithe Ainmnithe a d'fhéadfadh teacht ar phíosa scannánaíochta dróin chun a ról i gComhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh.
- Oibreoirí Dróin **a fuair an oiliúint UAS ábhartha agus iomchuí i gcomhréir le** Rialacháin an AE 2019/947 & & 2019/945
- Foireann an Aonaid TF a bhfuil róil Bhainistíochta Seirbhíse acu
- Oifigeach Cosanta Sonraí a d'fhéadfadh rochtain a fháil ar chórais dróin uile Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ar a gcuid taifeadtaí.

5. Beidh freagracht fhoriomlán ar an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha as an méid seo a leanas:
   - Le hAirteagal 30 den RGCS, ceanglaítear ar an gComhairle taifead a choinneáil de na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta go léir toisc go bhfuil sé de chumas ag Dróin sonraí pearsanta a ghabháil (m.sh. íomhánna de dhaoine /uimhreacha clárúcháin gluaisteáin) ní mór iad a chur san áireamh ar chlár Thaifead na nAonad ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (RoPA)
   - Éilíonn úsáid Drón chun críocha nua nó soláthar Drón nua DPIA a chur i gcrích roimh é a thosú nó a cheannach. Ní mór don DPIA faofa deiridh a bheith sínithe ag an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha a dhéanfaidh maoirseacht ar a chur i bhfeidhm agus a chinnteoidh go gcloífear go leanúnach le moltaí an DPIA
   - Ní mór aon Drón a ceannaíodh roimh dháta an pholasaí seo a chur in iúl láithreach do Bhainisteoir Sócmhainní na nAonad TF, chun cothabháil Clár Dróin a éascú de réir mar a éilítear faoin RGCS
   - Ba cheart úsáid Drón a bheith clúdaithe faoi árachas na Comhairle le IPB (Síneadh Aerárthaí Cianphíolótaithe faoin bPolasaí Dliteanais Phoiblí). Ní mór gach Drón a chur in iúl do Bhainisteoir Sócmhainní na nAonad TF gan mhoill, lena n-áirítear iad siúd atá ceannaithe cheana féin ionas go mbeidh siad cláraithe leis an Aonad um Rialú Riosca Árachais i gComhairle Chontae na Gaillimhe, mura bhfuil sé déanta cheana féin
   - Cinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar Fhostaithe Údaraithe i bhfeidhmiú drón agus gur fhreastail siad ar oiliúint feasachta RGCS
   - Aontú & údarú a thabhairt maidir le stóráil drón lasmuigh den láthair a theastaíonn mar shampla trí úsáid a bhaint as na Seirbhísí Éigeandála ag

láithreacha Stáisiúin Dóiteáin ar fud an chontae agus a chinntiú go gcuirtear logaí cuí agus riachtanais stórála shlána i bhfeidhm agus go gcloítear leo

- Cinntiú go gcuirtear úsáid drón i bhfeidhm de réir an bheartais Cosanta Sonraí seo, lena n-áirítear a chinntiú go gcloíonn na daoine Údaraithe leis na Riachtanais Réamheitilte mar atá leagtha amach sa pholasaí seo maidir le gach gníomhaíocht drón.

## Sonraí Pearsanta a Choinneáil ó Thaifeadtaí Drón

Ní choinneofar Sonraí Pearsanta a thaifeadtar ar Dhróin níos faide ná mar a mheastar a bheith riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 5(e) den RGCS.

- Sa chás go ndéantar íomhánna a thaifeadadh go neamhaireach de dhaoine aonair / daoine a théann thar bráid, déanfar gach iarracht é sin a cheilt le linn próiseáil sonraí. Ina theannta sin, déanfaidh an píolóta dróin gach iarracht an fhéidearthacht íomhánna den sórt sin a ghabháil a laghdú. Ba cheart aon sonraí pearsanta a ghabhtar go neamhaireach agus nach bhfuil ag teastáil chun críocha ionchúisimh a scriosadh láithreach agus ar bhealach slán laistigh de thréimhse nach faide ná 30 lá.

- Níor cheart aon sonraí pearsanta atá ag teastáil chun críocha ionchúisimh a choinneáil ach chomh fada agus is gá agus a scriosadh nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh, i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Coinneála Taifead do Thaifid Údaráis Áitiúil agus Sceideal Coinneála Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

  Níor cheart gach sonra fótagrafach nó físe eile a choinneáil ach chomh fada agus is gá agus a scriosadh nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh, i gcomhréir leis an Sceideal Náisiúnta Coinneála Taifead do Thaifid Údaráis Áitiúil agus Sceideal Coinneála Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- Is le Comhairle Chontae na Gaillimhe na híomhánna go léir.

## Rochtain Taifeadta Drón

Beidh gach rochtain ar íomhánna/taifeadtaí Dróin a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith iontu teoranta do phearsanta údaraithe agus coinneoidh an tAonad TF Loga Rochtana go lárnach. Ní mór amhairc a dhéanamh chun críche dlisteanacha ar leith i gcomhréir leis an bpolasaí Cosanta Sonraí seo agus ní mór Taifeadadh Sonraí Drón agus /nó foirm Aistrithe chuig 3ú Páirtí Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlánú – féach Aguisín 5.

Sa chás go meastar gur gá feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus go bhfuil gá le píosaí scannánaíochta den sórt sin a roinnt le hAonaid eile, comhlánófar an Fhoirm Nochta chuí – féach Aguisín 4.

Tá gach iarratas ó Ábhair Sonraí agus ó 3ú páirtí ar nochtadh le cur in iúl don OCS ag dpo@galwaycoco.ie chun bainistíocht agus loga lárnach nochtuithe a éascú de réir Airteagal 15 den RGCS.

## Rochtain Tríú Páirtí ar Shonraí Pearsanta a gabhadh ar Thaifeadtaí Dróin

Is féidir rochtain ar Shonraí Pearsanta a ghabhtar ar thaifeadtaí Dróin a sholáthar dóibh seo a leanas:

- Ábhair Sonraí nó a n-ionadaithe dlíthiúla - de bhun iarraidh ar rochtain faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, i gcás ina dtugtar am, dáta agus suíomh na dtaifeadtaí don Chomhairle
- An Garda Síochána - ar iarratas i scríbhinn nuair a tharla coir nó coir amhrasta agus / nó nuair a mheastar go bhfuil iompar mídhleathach / frithshóisialta ar siúl ar mhaoin de chuid na Comhairle nó in áit phoiblí
- Sa chás go meastar gur gá feidhmeanna reachtúla Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh agus go bhfuil gá le píosaí scannánaíochta den sórt sin a roinnt le hAonaid eile
- Daoine aonair (nó a n-ionadaithe dlíthiúla) – faoi réir Ordaithe Cúirte
- Árachóirí na Comhairle chun éileamh ar dhamáiste a dhéanamh.

## Rochtain ag Ábhair Sonraí

- Tugann an reachtaíocht um chosaint sonraí an ceart d'ábhair sonraí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta. Áirítear leis seo sonraí pearsanta a ghabh taifeadtaí Dróin. Ní mór iarratais rochtana a chur isteach i scríbhinn i bhformáid fhisiciúil nó leictreonach m.sh. trí litir nó trí ríomhphost. I gcúinsí ina gcoinnítear sonraí chun críocha tuilleadh imscrúdaithe nó ionchúisimh fhéideartha, féadfar rochtain ar na sonraí sin a choinneáil siar go dtí go gcríochnófar imscrúduithe agus/nó go dtionscnófar imeachtaí dlí.

- Ní leor d'ábhar sonraí iarratas ginearálta rochtana a dhéanamh ar chóip de thaifeadtaí Dróin. Ina áit sin, beidh sé riachtanach go sonróidh ábhair sonraí go bhfuil siad ag iarraidh rochtain a fháil ar chóip de thaifeadtaí Dróin a ghabh a gcuid sonraí pearsanta idir dátaí sonraithe, ag amanna áirithe agus ag suíomh ainmnithe. Agus íomhá den sórt sin á lorg aige, beidh sé riachtanach don iarrthóir a ngrianghraf féin a chur isteach chun a chinntiú go mbeidh sé comhoiriúnach leis an méid ar na Dróin.

- Rochtain a sholáthar ar shonraí is ábhar do thaifeadtaí Dróin dá s(h)onraí pearsanta, ar choinníoll go bhfuil íomhá/taifeadadh den sórt sin ann, féadfaidh an Chomhairle sraith pictiúr neamhbheo, téip nó diosca le híomhánna ábhartha a chur ar fáil. Sa chás go n-aithníonn an íomhá / taifeadadh duine aonair eile, ní féidir na híomhánna sin a scaoileadh ach amháin nuair is féidir iad a athdhéanamh / a picteilíniú ionas nach n-aithnítear daoine eile nó nach féidir iad a aithint.

- Tá gach iarratas rochtana maidir le duine is ábhar do na sonraí le cur in iúl don OCS ag dpo@galwaycoco.ie chun bainistíocht agus loga lárnach DSAR a éascú i gcomhréir leis an RGCS.

### Rochtain ag an nGarda Síochána

Tá idirdhealú idir iarratas ón nGarda Síochána féachaint ar thaifeadtaí Dróin a ghabh sonraí pearsanta agus cóipeanna de na taifeadtaí sin a fháil. Go ginearálta, ba cheart freastal ar iarratas a rinne an Garda Síochána chun féachaint ar thaifeadtaí Dróin toisc nach n-ardaíonn sé aon imní ó thaobh cosaint sonraí de agus déanfaidh an Loga Rochtana na féachana sin a thaifeadadh.

Ní mór iarratais ón nGarda Síochána ar chóipeanna de thaifeadtaí Dróin a ghabh sonraí pearsanta a chur isteach i scríbhinn ar pháipéar ceannteidil an Gharda Síochána agus iad sínithe ag comhalta rangaithe cuí den Gharda Síochána (Cigire don Cheannfort nó níos airde). Ba cheart sonraí na dtaifeadtaí Dróin atá ag teastáil a shonrú san iarratas agus an bunús dlí atá leis an iarratas atá á dhéanamh a lua.

Tá gach iarratas rochtana ábhair sonraí le bheith curtha in iúl don OCS ag dpo@galwaycoco.ie chun bainistíocht agus loga lárnach DSAR a éascú i gcomhréir leis an RGCS.

### Rochtain faoi Shaoráil Faisnéise (SF)

Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, is féidir le daoine rochtain a iarraidh ar aon fhaisnéis thaifeadta (le díolúintí áirithe) atá ag an gcomhairle. Mar sin féin, más féidir daoine aonair a aithint ó thaifeadtaí Dróin, is faisnéis phearsanta í faoin duine aonair lena mbaineann agus ní dócha go nochtfar í mar fhreagra ar iarratas ar shaoráil faisnéise. Féadfaidh údarás poiblí a bhfuil córais faireachais aige iarrataí ar fhaisnéis a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a bhaineann leis na córais faireachais sin. Mar shampla, d'fhéadfadh iarrthóirí faisnéis a iarraidh maidir le hoibriú na gcóras, maidir le suíomh na gcóras, nó maidir leis na costais a bhaineann lena n-úsáid agus lena gcothabháil. Má choinnítear an t-eolas seo, ní mór breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil sé cuí an fhaisnéis seo a nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Ba cheart iarratais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a sheoladh chuig: An Roinn um Shaoráil Faisnéise, Seirbhísí Corparáideacha, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

## Socruithe Slándála do Dhróin & Stóráil Píosaí Scannánaíochta Dróin

- Déanfaidh Aonad TF Chomhairle Chontae na Gaillimhe rochtain ar gach Drón agus a thaifeadtaí a bhainistiú go lárnach agus beidh sé teoranta d'Fhostaithe Ainmnithe agus do phearsanra eile a bhfuil rochtain údaraithe acu ar na córais agus coinneofar loga rochtana. Beidh próiseas sínithe isteach/sínithe amach i bhfeidhm maidir le gach gléas Dróin
- Déanfaidh an tAonad TF gach dróin a stóráil go lárnach, i suíomh slán agus nuair is féidir, déanfar rochtain ar sheomra Moil Drón a rialú trí Maglock nó trí rogha slán eile

- Sa chás go n-aontaíonn agus go n-údaraíonn DOS é, is féidir Dróin a stóráil lasmuigh den láithreán, mar shampla dróin a theastaíonn lena n-úsáid ag Seirbhísí Éigeandála i Stáisiúin Dóiteáin atá lonnaithe sa chontae. déanfar iad a stóráil in áit shlán agus nuair is féidir, déanfar rochtain ar sheomra moil Drón a rialú trí Maglock nó rogha slán eile
- Íomhánna a bhailíonn an drón. Stóráiltear na sonraí ar chárta SD laistigh den drón féin nó i gcás drón le níos mó ná rothlóir amháin, ar ghléas stórála inmheánach neamh-inbhainte (in éagmais cárta SD). Tá cábla USB ceangailte leis an drón agus leis an ríomhaire glúine agus déantar na sonraí a íoslódáil chuig ardán stórála ar líne SharePoint Chomhairle Chontae na Gaillimhe a luaithe is féidir go praiticiúil tar éis na heitilte. Áiritheoidh an píolóta dróin go mbainfear na sonraí go léir den chárta SD nó de chuimhne ionsuite an dróin (in éagmais Cárta SD)

- Seachas pearsanra tacaíochta TFC a dteastaíonn rochtain uathu le haghaidh riachtanais tacaíochta teicniúla, ní bheidh ach rochtain ag an bhfoireann Údaraithe Aonaid sin ar gach fillteán Aonaid. Is féidir SharePoint ar líne a iniúchadh go hiomlán chun loga a fháil maidir le cathain agus cén duine a d'fhéadfadh rochtain a bheith acu ar na fillteáin. Sa chás go bhfaightear rochtain ar phíosa scannánaíochta ina bhfuil sonraí pearsanta inaitheanta, ní mór don loga an cuspóir dlisteanach ar chuici a ndearnadh rochtain air a thaifeadadh

- Nuair a dhéantar íomhánna a íoslódáil ón drón (go SharePoint) baintear na híomhánna sin go hiomlán as an drón

- I gcás ina ndéantar íomhánna a thaifeadadh go neamhaireach de dhaoine aonair/daoine a théann thar bráid, scriosfar na sonraí sin i gcás nach gá iad a choinneáil agus déanfar gach iarracht gabháil an chéanna a íoslaghdú le linn na heitilte dróin.

# Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)

Is ceanglas de chuid Airteagal 35 den GDPR é DPIA a thabhairt chun críche agus tá sé leagtha amach i dtreoir an DPC a bhaineann le húsáid Drón. Éilíonn úsáid Drón chun críocha nua nó soláthar Drón nua DPIA a chur i gcrích roimh é a thosú nó a cheannach. Beidh an t-aonad gnó a chinnfidh cuspóir agus úsáid dróin freagrach as tús a chur leis an bpróiseas DPIA i gcomhairle leis an Aonad TF agus leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Ní mór do pháirtithe leasmhara uile Chomhairle Chontae na Gaillimhe teagmháil iomlán a dhéanamh leis an bpróiseas DPIA. Maidir le Dróin atá in úsáid faoi láthair, mura bhfuil DPIA curtha i gcrích, is riachtanas é go gcuirtear DPIA i gcrích.

Is é cuspóir DPIA dlíthiúlacht na próiseála a shainaithint, na cuspóirí dá bpróiseálfaidh tú sonraí pearsanta a shainiú, an riachtanas agus an chomhréireacht a léiriú maidir le húsáid drón le haghaidh próiseála measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna cosanta sonraí do ghníomhaíochta agus cur i bhfeidhm beart cuí a shainaithint chun aon rioscaí a eascraíonn as próiseáil sonraí pearsanta ag córas dróin a dhíothú nó a íoslaghdú. Maidir leis seo, tá sé d'oibleagáid orthu siúd a chomhlánaíonn DPIA bearta a bhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí in úsáid Dróin mar atá leagtha amach i dTreoir Céim ar Chéim IPB chun an riosca a bhaineann le Dróin a úsáid a bhainistiú (féach ar leathanaigh 12-28).

Ní mór an dréacht-DPIA comhlánaithe a chur faoi bhráid an OCS lena athbhreithniú agus cuirfidh seisean treoir ar fáil agus déanfaidh siad moltaí maidir leis an DPIA. De réir Threoirlínte an DPC, déanfar athbhreithniú ar DPIA ar bhonn leanúnach.

Ní mór don DPIA faofa deiridh a bheith sínithe ag an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha a dhéanfaidh maoirseacht ar a chur i bhfeidhm agus a chinnteoidh go gcloífear go leanúnach le moltaí an DPIA.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú

Beidh an beartas seo faoi réir monatóireachta agus athbhreithnithe leanúnaigh a thabharfaidh aird ar fhaisnéis nó treoirlínte a athrú (m.sh. ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, ón nGarda Síochána, ó aonaid iniúchóireachta (inmheánacha agus seachtracha), ó reachtaíocht agus ó aiseolas ón bhfoireann agus ó dhaoine eile.

Cinnteoidh na hathbhreithnithe seo go gcomhlíonfar ceanglais, beartais agus caighdeáin dhlíthiúla go praiticiúil. Beidh feidhm ag an bpolasaí seo ón dáta a nglacfaidh Foireann Feidhmiúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis an bpolasaí atá le monatóireacht ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha a chur i bhfeidhm agus cloí leis.

## Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais faoi fheidhmiú an doiciméid bheartais seo ar fáil ón Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Chontae na Gaillimhe. Seo a leanas sonraí teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle Contae:

Ríomhphost: dpo@galwaycoco.ie

Seoladh: Oifigeach Cosanta Sonraí, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh

## Ceart Gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fuarthas ón gComhairle, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a d'fhéadfadh an t-ábhar a imscrúdú duit. Is é suíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí ná www.dataprotection.ie nó is féidir dul i dteagmháil lena n-Oifig ag:

**Guthán**

1800 437 737

**Ríomhphost**

info@dataprotection.ie

**Seoladh**

An Coimisinéir Cosanta Sonraí Canal House Bóthar an Stáisiúin Cúil an tSúdaire, Co. Laoise, R32 AP23.

# Aguisíní

## Aguisín 1 – *Sainmhínithe*

Sainmhínithe ar fhocail / frásaí a úsáidtear maidir le cosaint sonraí pearsanta agus dá dtagraítear i dtéacs an pholasaí:

**Iarratas Rochtana:** Is é seo an cás ina ndéanann duine iarratas chuig an eagraíocht chun a gcuid sonraí pearsanta a nochtadh faoi Alt 91 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

**Taifeadadh fuaime:** Trealamh a úsáid chun guth agus fuaim a thaifeadadh.

**DRÓIN:** Is catagóir leathan aerárthaí de mhéideanna éagsúla iad drÓIN (ainm coitianta do Chórais Aerárthaí Gan Foireann (UAS)) a dhéantar a phíolótú go cianda gan daoine ar bord, atá feistithe
teicneolaíocht chun íomhánna, físeáin, fuaimeanna agus/nó faisnéis eile a bhailiú (córas bhailiúcháin sonraí) agus iad a tharchur chuig gléasanna cliste (mar shampla, chuig néalstóráil).

**Sonraí:** Faisnéis i bhfoirm is féidir a phróiseáil. Áirítear leis sonraí uathoibrithe nó leictreonacha (aon fhaisnéis ar ríomhaire nó faisnéis a thaifeadtar le hintinn iad a chur ar ríomhaire) agus sonraí láimhe (faisnéis a thaifeadtar mar chuid de chóras comhdúcháin ábhartha nó le hintinn gur cheart go mbeadh sí mar chuid de chóras comhdúcháin ábhartha).

**Rialaitheoir Sonraí:** Duine a rialaíonn (ina aonar nó le daoine eile) ábhar agus úsáid sonraí pearsanta.

**Próiseáil Sonraí:** Aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéanamh ar shonraí, lena n-áirítear:

- Na sonraí a fháil, a thaifeadadh nó a choinneáil
- Na sonraí a bhailiú, a eagrú, a stóráil, a athrú nó a oiriúnú
- Na sonraí a aisghabháil, a cheadú nó a úsáid
- Na sonraí a nochtadh trí iad a tharchur, a scaipeadh nó a chur ar fáil ar bhealach eile
- Na sonraí a ailíniú, a chomhcheangal, a bhlocáil nó a scriosadh

**Próiseálaí Sonraí:** Duine a phróiseálann faisnéis phearsanta thar ceann rialaitheora sonraí, ach ní fholaíonn sé fostaí de chuid rialaitheora sonraí a phróiseálann sonraí den sórt sin le linn a bhfostaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh sé go gciallódh sé seo fostaí de chuid eagraíochta a n-oibríonn an rialaitheoir sonraí lasmuigh di. Cuireann na hAchtanna um Chosaint Sonraí freagrachtaí ar eintitis den sórt sin maidir leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar na sonraí.

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí:** Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2018 cearta do dhaoine aonair chomh maith le freagrachtaí ar na daoine sin a láimhseálann, a phróiseálann, a bhainistíonn agus a rialaíonn sonraí pearsanta. Ní mór don Chomhairle cloí le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus faisnéis phearsanta á bailiú agus á stóráil aici.

Baineann sé seo le faisnéis phearsanta a bhaineann le fostaithe na heagraíochta agus le daoine aonair a idirghníomhaíonn leis an eagraíocht.

**Ábhar Sonraí:** Duine aonair is ábhar do shonraí pearsanta

**Sonraí Pearsanta:** Sonraí a bhaineann le duine aonair beo atá nó is féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí nó ar dócha go dtiocfaidh sé i seilbh an rialaitheora sonraí

## Aguisín 2 - Treoir Céim ar Chéim IPB chun riosca a bhaineann le Dróin a úsáid a bhainistiú

## Aguisín 3 – Seicliosta Réamheitilte Drón

## Aguisín 4 – Foirm Iarratais Inmheánaigh ar rochtain ar Phíosa Scannáin Dróin

## Aguisín 5 – Taifeadadh Drón a Scaoileadh agus/nó Aistriú chuig 3ú Páirtí